V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11048 – MACQUARIE / BCI / EKU ENERGY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 66/05)

1. An 16 Feabhra, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Macquarie Group Limited ("MGL", an Astráil),

— British Columbia Investment Management Corporation ("BCI", Ceanada).

Gheobhaidh MGL agus BCI rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Eku Energy Group Limited ina iomláine ("Eku Energy", a bhíodh cláraithe roimhe seo mar GIG Energy Storage UK, ([2])an Ríocht Aontaithe), atá á rialú faoi láthair ag MGL amháin.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí domhanda seirbhísí baincéireachta, airgeadais, infheistíochta agus bainistíochta infheistíochtaí,

— Is infheisteoir institiúideach é BCI, a dhéanann infheistíocht thar ceann chliaint na hearnála poiblí in British Columbia, lena n-áirítear pleananna pinsin san earnáil phoiblí, árachas, agus cistí i gcomhair cuspóirí speisialta.

3. Tá EKU Energy gníomhach i bhforbairt, tógáil, agus oibriú sócmhainní stórála ceallraí.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([3]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) Bhí Eku Energy cláraithe roimhe seo mar "GIG Energy Storage UK". An 29 Samhain 2022, athraíodh an t-ainm go Eku Energy.
([3]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11048 – MACQUARIE / BCI / EKU ENERGY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:
European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË